

PÍOSA RÁIMÉIS

Trathnóna Dé Sathairn a chonnaic mé an t-iongantas
Ag cupla sgór míle aca thoir san Aird Mhóir
Bhí daill ann is bacaigh spailpíní thríothab
Is aca a bhí an siamsa ann a' seinnm is ag ceol

Bhí Crochubhar is a mhathlú ann Affey táim cinnte
Sin é is sé a shílim go raibh Tomás an Choill Mhóir
Sí Caitriona Ní Lorcáin a chonnaic an t-iongantas
Nuair a chonnaic sí an fleet aca as Condae Mhuigheo.

Tá Séamus Ó Donnaois anois san militia
Tá caipín dhó déanta de shean-phíosa seoil
Tá a bróg as an bhfaision de chraiceann na caorach
Tá treabhsar breagh lín air agus sean-tsaicéad córd.

Loirgní a athar atá thairis mar phíopaí
Agus tá sé go siamsamhail ag imtheacht a' cheoil
Tá sgoláire is fiche aige amuich ag Rinn Mhaoile
Is téigheann siad chuile oidhche go tóin Sgeirde Mhór

Bhuail se slám deataigh ar Mhairéad Ní Chaola
Is cloisim ag daoine go bhfuil sí ina dall
Tá adhastar ar mhadadh aice ó thiocfas an oidhche
Is briseadh a druim in áit a thuit sí ar aill.

D'fheicfeá a'teacht é ar maidin is trathnóna
'Na cheaig gan aon tón is é a' rolláil le aill
Sé Affey Ó Conaill fear geanamhlach lúthmhar
Mharbhuigh sé an púca a bhí in Inis Cú Bán.

Dá bhfeictheá an Dorchach ag dorus a' phríosúin
A' marbhú na ndaoine is gan pinginn ar bith dhó
Tá a dhreatháir a' goid fhataí i bpoll Seanachaola
Ina dhúiseacht san oidhche is ina chodladh sa ló.

Sé bóthar na hola a thug eola s don tír seo dhó
Is cuirfimid síos é go hifreann na gcomhar
In áit a mbeidh Oscar is súiste aige dá phlionsgadh
Is a maireann da mhuinntir a bheith thimcheall a stóir.

Chonnaic mé iongantas i mBaile na hInse
Nach gcluinfidh mé arís ná an saoghal atá beo

Long ar an bhfairrge leabhar os cinn dlighe ann
Is Crotty ina shuidhe ar an locker dá gabhail.

D'ionnsuigh sí tharam ar nós siolla den ghaotha
Is away léithe síos go tón Loinsgigh Mhóir
Is beidh sí Lá Nodlag i gCondae Phort Láirge
Beidh airm dá ngrábháil faoi Phlainéad Mhuigheo.

Micil Mac Donnchadha

4/1/1933